AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.12.2025
COM(2025) 737 final

ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL ÓN gCOIMISIÚN

ar Thuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí ó na Ballstáit maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011

1. Réamhrá:

An t-athbhreithniú bliantúil don bhliain 2024 maidir le gníomhaíochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil, déantar é de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil. Cumhdaíonn sé gníomhaíochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil atá curtha i bhfeidhm ag gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin (GCOnna) na mBallstát agus tá sé bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit sna Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí a chuireann siad ar fáil don Choimisiún, de bhun an Rialacháin freisin. Leanann na tuarascálacha teimpléad caighdeánaithe (ar a dtugtar 'teimpléad seicliosta' freisin) a ndearnadh athbhreithniú air agus a saibhríodh le himeacht ama. Úsáidtear an teimpléad atá ann faoi láthair ó bhí 2023 ann agus áirítear ann mionsonraí breise, go háirithe athbhreithniú ar gach earnáil ar leith, é dírithe ar an aeráid, ar ghníomhaíochtaí creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil, chomh maith le tuairisciú airgeadais níos comhchuibhithe.

2. Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí a fuarthas le haghaidh na bliana féilire 2024:

Bhí 21 Bhallstát in ann creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil a sholáthar in 2024 laistigh de raon feidhme chur i bhfeidhm an tSocraithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear Leo go hOifigiúil ('an Socrú'): An Bheilg, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir. Chuir gach ceann acu Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí isteach don bhliain 2024.

Dheimhnigh na Ballstáit eile – an Bhulgáir, an Chipir, Éire, an Laitvia, an Liotuáin agus Málta – nach bhfuil gníomhaireacht acu atá in ann creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil a sholáthar.

3. Anailís ar na Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí:

(a) Faisnéis ghinearálta:

In 2024, na Ballstáit uile ag a bhfuil GCO amháin ar a laghad seachas an Ghréig (nach gcuireann a GCO aon tacaíocht airgeadais ar fáil faoi raon feidhme an tSocraithe), chuir siad cumhdach foirfe ar fáil, is é sin creidmheasanna onnmhairiúcháin i bhfoirm ráthaíochtaí agus/nó táirgí árachais. Astu sin, chuir 12 Bhallstát (an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Pholainn, an tSeicia, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn, agus an Ungáir) tacaíocht mhaoiniúcháin oifigiúil ar fáil freisin, is é sin maoiniú díreach, athmhaoiniú iasachtaí tráchtála le haghaidh idirbhearta onnmhairiúcháin nó tacaíocht ráta úis. Thuairiscigh líon beag Ballstát (an Ostair, an Danmhairg, an Fhrainc, an Pholainn, an Spáinn, an Ungáir) gur soláthraithe cabhrach ceangailte iad, ar foirm creidmheasanna onnmhairiúcháin í a bhfuil gné lamháltais léi agus a rialaítear i gcomhthéacs Shocrú ECFE.

Áirithíonn an Socrú na trí Mholadh ó ECFE maidir le disciplíní dea-rialachais[1] comhchuibhiú cleachtas ar fud bhallraíocht ECFE agus laistigh den Aontas Eorpach. Laistigh den chreat sin, áfach, déanann na rialtais a mbeartais féin a dhearadh. Tá rialacha sa bhreis ar na rialacha atá i dtreoirlínte ECFE ag formhór GCOnna, mar shampla maidir le hábhar náisiúnta agus áitiúil, agus caighdeáin níos láidre i bhfeidhm, lena n-áirítear caighdeáin chun a mbeartais náisiúnta féin agus gealltanais idirnáisiúnta mar Phrionsabail Equator (creat bainistíochta riosca le haghaidh institiúidí airgeadais chun rioscaí comhshaoil agus sóisialta a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú agus tionscadail á gcistiú acu atá nasctha leis an gCorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta faoi Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda) a léiriú. Cinneann roinnt GCOnna cláir atá saincheaptha d'earnálacha áirithe nó do chuspóirí áirithe a thairiscint. D'fhéadfadh gur léiriú iad sin ar shainiúlachtaí na dtuiscintí earnála ar leith sa Socrú, struchtúir comhárachais, nó tosaíochtaí straitéiseacha.

Ní hionann struchtúr eagrúcháin GCOnna agus an rialachas maidir le soláthar tacaíochta i ngach Ballstát. Tá creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil faoi stiúir 27 gcomhlacht ar fud na mBallstát ar gníomhaireachtaí poiblí nó cuideachtaí príobháideacha iad a oibríonn faoi shainordú poiblí agus faoi mhaoirseacht rialtais. Liostaítear iad in Iarscríbhinn 1. Na Ballstáit a sholáthraíonn cumhdach agus maoiniú araon, de ghnáth bíonn institiúid thiomnaithe ar leith acu a phléann leis an maoiniú, institiúid ar a dtugtar banc EXIM (an giorrúchán ar 'allmhairí - onnmhairí') uaireanta.

(b) Méid na tacaíochta oifigiúla:

Sna Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí, tugtar faisnéis airgeadais ábhartha maidir le tacaíocht oifigiúil arna soláthar ag GCOnna, i gcomhréir le creataí reachtacha agus struchtúr eagraíochtúil náisiúnta na mBallstát féin. Níl aon bharúil le cur in iúl ag an gCoimisiún maidir leis na gnéithe airgeadais de Thuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí 2024.

Maidir le tacaíocht oifigiúil i bhfoirm cumhdaigh fhoirfe, mar a shainmhínítear in Airteagal 5.1 den Socrú, sa tábla thíos liostaítear neamhchosaint ainmniúil chomhiomlán ar riosca ón 31 Nollaig 2024 i leith le haghaidh na soláthraithe is mó san Aontas Eorpach:

Tábla 1. Punanna iomlána tacaíochta oifigiúla an Aontais agus na mBallstát i bhfoirm cumhdach foirfe in 2024 (EUR milliún)

Na ranníocóirí is mó de chuid an Aontais de réir neamhchosaint ainmniúil chomhiomlán ar riosca

Neamhchosaint cumhdaigh fhoirfe iomlán san Aontas	*370 060*
An Iodáil	93 606
An Ghearmáin	73800
An Fhrainc	66 872
An tSualainn	42 900
An Ísiltír	25 292

I gcás tacaíocht oifigiúil mhaoiniúcháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 5.2 den Socrú, liostaítear sa tábla thíos luach ainmniúil tuairiscithe phunann na n-iasachtaí a dtacaítear leo go hoifigiúil a bhí ann an 31 Nollaig 2024 le haghaidh na soláthraithe is mó san Aontas:

[1] Moladh maidir le Cur Chuige Coiteann i ndáil le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear Leo go hOifigiúil agus Dícheall Cuí Comhshaoil agus Sóisialta; Moladh maidir le Cleachtais Iasachtaithe Inbhuanaithe agus Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear Leo go hOifigiúil; Moladh maidir le hÉilliú agus Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear Leo go hOifigiúil.

Tábla 2. Punann iomlán tacaíochta oifigiúla an Aontais agus na mBallstát i bhfoirm tacaíocht maoiniúcháin phoiblí in 2024 (EUR milliún) **Na ranníocóirí is mó de chuid an Aontais de réir luach ainmniúil na punainne iasachtaí a fhaigheann tacaíocht oifigiúil**	
Punann iasachtaí iomlán san Aontas	*103 618*
An Iodáil	43 528
An Fhrainc	17 192
An Ghearmáin	15 991
An tSualainn	8 853
An Fhionlainn	6 583

Is fiú a thabhairt faoi deara nach léargas beacht ar luach iomlán na tacaíochta a thugtar d'idirbhearta onnmhairiúcháin é na figiúir i dTáblaí 1 agus 2 a charnadh, ós rud é go bhféadfadh Ballstát tacú leis an idirbheart onnmhairiúcháin céanna le maoiniú díreach agus cumhdach foirfe araon. Ina theannta sin, ní chuirtear san áireamh sna táblaí sin ach táirgí airgeadais a thagann faoi raon feidhme an tSocraithe, gan táirgí airgeadais féideartha eile a thairgeann GCOnna a áireamh ansin, mar shampla creidmheasanna onnmhairiúcháin gearrthéarmacha nó tacaíocht oifigiúil d'onnmhairí trealaimh mhíleata agus tráchtearraí talmhaíochta.

Chun an sreabhadh tacaíochta oifigiúla a léiriú, déanann an tábla thíos tagairt do luach na n-idirbheart a dtacaíonn gealltanais nua maidir le creidmheas onnmhairiúcháin leo, a dtacaítear leo faoin Socrú, le linn na bliain féilire 2024, do na soláthraithe is mó san Aontas:

Tábla 3. Gealltanais nua ó Bhallstáit an Aontais ar tugadh fógra ina leith do ECFE le linn 2024 (EUR milliún) **Na ranníocóirí creidmheasa onnmhairiúcháin ECFE is mó de chuid an Aontais**		
	Líon iomlán idirbheart creidmheasa onnmhairiúcháin	Luach creidmheasa comhiomlán iomlán na dtionscadal a dtacaítear leo le creidmheas onnmhairiúcháin
Gealltanais nua iomlána ar tugadh fógra ina leith san Aontas	*1 568*	*53 007*
An Fhrainc	168	18 756
An Iodáil	371	11 368
An tSualainn	344	8 075
An Ghearmáin	254	6 800
An Fhionlainn	14	2 092

(c) Cuspóirí maidir leis an aeráid a mheas:

An 15 Márta 2022, sna conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin[2], leagadh amach 'Comhshocrú an Aontais maidir le

[2] 15 Márta 2022 Conclúidí ón gComhairle maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin

maoiniú onnmhairiúcháin' ina raibh roinnt gealltanas. Ina measc sin, léirigh na Ballstáit go raibh siad 'toilteanach [...] cur lena dtuairisciú bliantúil' i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Bhliantúil sin i dteannta 'athbhreithniú dírithe ar an aeráid a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil faoi seach, earnáil ar earnáil', rud atá i bhfeidhm anois ó bhí 2023 ann. Gné eile ba ea an gealltanas, sa tacar conclúidí céanna, go ndéanfadh na Ballstáit 'a spriocdhátaí eolaíochtbhunaithe féin a chinneadh ina mbeartais náisiúnta faoi dheireadh 2023 chun deireadh a chur le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil do thionscadail san earnáil fuinnimh breosla iontaise, ach amháin i gcúinsí teoranta a shaineofar go soiléir atá comhsheasmhach leis an teorainn téimh 1.5° C agus le spriocanna Chomhaontú Pháras'.

I dTuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí 16 Bhallstát (an Bheilg, an Chróit, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ostair, an tSlóvaic, an Rómáin, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir) thuairiscigh na Ballstáit sin go raibh beartas den sórt sin foilsithe acu. Dúirt na Ballstáit atá fágtha nach bhfuil aon suim acu in earnáil fuinnimh na mbreoslaí iontaise nó nach soláthraíonn siad creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil.

Maidir le hearnáil an ghuail, tá toirmeasc ar aon tacaíocht do thionscadail a bhaineann le gléasraí cumhachta gualbhreoslaithe neamh-mhaolaithe ó bhí 2021 ann faoin Socrú, ach déantar eisceacht do thionscadail lena laghdaítear truailliú nó lena suiteáltar córais laghdaithe astaíochtaí CO_2, tionscadail nach mbíonn síneadh ar shaolré úsáideach an ghléasra ná méadú ar thoilleadh mar thoradh orthu. I mbeartais fhormhór na mBallstát a bhaineann leis an aeráid, chuir siad i bhfeidhm beartas maidir le céimniú amach guail atá níos déine ná cosc an tSocraithe, lena n-áirítear gan aon mhaoiniú a cheadú feadh an tslabhra luacha iomláin. In 2024, níor thuairiscigh GCOnna aon idirbheart do thionscadail a bhaineann le hearnáil an fhuinnimh ó ghual (lena n-áirítear taiscéalaíocht, táirgeadh, iompar, stóráil maidir le bonneagar dáileacháin, mínghlanadh, dáileadh agus giniúint leictreachais).

Maidir le hearnáil na hola, leag na 16 Bhallstát amlínte éagsúla síos chun deireadh a chur le tacaíocht. Gheall 11 Bhallstát nach dtacóidís a thuilleadh leis na tionscadail sin (an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír, Lucsamburg, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir). Choinnigh na Ballstáit atá fágtha an fhéidearthacht idirbhearta den sórt sin a mhaoiniú, le dáta deiridh idir seo agus 2030, cé nár thug aon cheann de na Ballstáit sin fógra i leith idirbhearta a bhaineann leis an ola sna hearnálacha sin in 2024.

San earnáil gáis, rinne an 11 Bhallstát céanna gealltanais shoiléire chun stop a chur le maoiniú tionscadal gléasraí cumhachta agus tionscadal slabhra luacha. Mar sin féin, coinníonn roinnt GCOnna (an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ísiltír agus Lucsamburg) an fhéidearthacht tacaíocht a dheonú faoi imthosca teoranta, amhail giniúint leictreachais laghdaithe, forbairt na dtíortha is boichte nó na dtíortha ina bhfuil an gás nádúrtha mar pháirt de réiteach idirthréimhseach, atá comhsheasmhach le conair 1.5 °C: sonraíonn cuid acu nach critéar a bheidh i Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta na tíre is faighteoir, agus déanann CIE measúnú ar an gcomhsheasmhacht le conair 1.5 °C. Ar an taobh eile, chuir an Spáinn srianta níos láidre chun feidhme maidir le gníomhaíochtaí réamhtheachtacha agus meánteachtacha. I dtaca le hola de, coinníonn na Ballstáit atá fágtha an fhéidearthacht idirbhearta den sórt sin a mhaoiniú, le dáta deiridh idir seo agus 2030, cé nár thug aon cheann de na Ballstáit sin fógra i leith idirbhearta a bhaineann leis an ngás sna hearnálacha sin in 2024.

I gcleachtas, thug cúig GCO fógra in 2024 faoi 13 thionscadal ar tacaíodh leo le creidmheasanna onnmhairiúcháin sna hearnálacha ola agus gáis, dar luach creidmheasa iomlán 1 176.2 M€:

Ballstát is Soláthraí	Luach na n-idirbheart	Cineál tionscadail
An Bheilg agus an Ghearmáin	EUR 138.7 milliún (an Bheilg) agus EUR 265.2 milliún (an Ghearmáin)	Gineadóirí gaile agus tuirbín le haghaidh gléasra cumhachta gáis comh-thimthrialla
An Fhionlainn (dhá thionscadal)	73,8 M€	Gléasra cumhachta gáis atá ann cheana a nuachóiriú agus a athchóiriú (gan aon athrú ar aschur an ghléasra)
An Ghearmáin (dhá thionscadal)	21,3 M€	dhá thionscadal gáis réamhtheachtacha
An Ghearmáin	21,4 M€	Píblíne gháis shoghluaiste a shuiteáil
An Iodáil	605,8 M€	Píblíne faoi uisce a shuiteáil le haghaidh eastóscadh gáis
An Ísiltír (ceithre thionscadal)	20,9 M€	Ceithre thionscadal ola réamhtheachtach
An Ísiltír (trí thionscadal)	29,1 M€	Trí thionscadal ola mheánteachtacha

Bhí an Fhionlainn (dá céad tionscadal) agus an Ghearmáin in ann tacaíocht a chur ar fáil do na tionscadail sin, ós rud é gur tugadh gealltanais sular tugadh isteach a straitéisí aeráide; dá bhrí sin, ní raibh na ceanglais infheidhme go fóill. Thug an Bheilg agus an Iodáil údar lena dtacaíocht ar an bhforas nach raibh aon toirmeasc ar an ngníomhaíocht shonrach tráth an fhormheasa, agus gur ceadaíodh tacaíocht den sórt sin lena mbeartais aeráide go dtí deireadh 2025. Measadh go raibh an dara tionscadal Fionlannach agus an chuid is mó de thionscadail na hÍsiltíre (gach ceann seachas ceann amháin) inghlactha mar eisceacht, a mhéid a bhain siad le soláthar earraí le haghaidh bonneagar a bhí ann cheana, ar choinníoll go raibh feabhsuithe ar fheidhmíocht chomhshaoil agus/nó ar shábháilteacht agus/nó ar shláinte mar thoradh ar sholáthar den sórt sin, gan síneadh a chur le saolré eacnamaíoch an bhonneagair. Formheasadh an tionscadal Ísiltíreach eile faoi eisceacht is infheidhme maidir le soithí sonracha a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta don bhonneagar iontaise atá ann cheana.

Maidir le gach idirbheart, thug na Ballstáit tuairiscithe faoi deara gur chuir siad próiseas díchill chuí i leith na haeráide i gcrích a bhí cosúil leis an gceann a d'úsáid siad i gcás tionchair shóisialta agus chomhshaoil eile.

I dteannta na srianta sin d'earnáil an fhuinnimh breosla iontaise, ghlac GCOnna cláir dreasachta maidir le hidirbhearta atá neamhdhíobhálach don aeráid, maille leis na téarmaí uasta aisíocaíochta níos faide a cheadaítear faoin Tuiscint Earnála maidir leis an Athrú Aeráide atá sa Socrú. Mar shampla, cuireann roinnt GCOnna rialacha náisiúnta níos solúbtha maidir le hábhar ar fáil, amhail uasmhéid iasachta níos mó, cóimheas cumhdaigh níos mó, préimhráta íosta a chuirtear i bhfeidhm mar réamhshocrú nó aisíocaíocht speansas staidéir le haghaidh idirbheart neamhdhíobhálach don aeráid.

Go mionsonraithe, mhaoinigh sé thír éagsúla 53 thionscadal in 2024 in earnáil an mhaolaithe ar an athrú aeráide agus in earnáil an oiriúnaithe don athrú aeráide, mar a shainmhínítear sa Tuiscint Earnála maidir leis an Athrú Aeráide, dar luach iomlán 4 247 M€ (beagnach ceithre oiread níos mó ná an luach creidmheasa a deonaíodh do thionscadail a bhaineann le breoslaí iontaise). I measc na dtionscadal sin, bhain an chuid ba mhó acu le fuinneamh in-athnuaite (42 idirbheart le haghaidh luach creidmheasa de 2 928 M€).

(d) Rioscaí comhshaoil eile a láimhseáil:

Sa Mholadh ó ECFE maidir le Cur Chuige Coiteann i ndáil le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear Leo go hOifigiúil le Dícheall Cuí Comhshaoil agus Sóisialta, leagtar síos comhphrionsabail chun tabhairt faoi dhícheall cuí comhshaoil agus sóisialta. Cloíonn na Ballstáit uile leis an Moladh, faoina shainaithníonn siad na tionchair agus rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le hiarratais ar thacaíocht oifigiúil agus faoina dtéann siad i ngleic leo. Braitheann an Moladh sin ar chaighdeáin dea-bhunaithe ar nós Chaighdeáin Feidhmíochta Comhshaoil agus Shóisialta na Corparáide Airgeadais Idirnáisiúnta, ar Threoirlínte Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda, ar Bheartais Chosanta an Bhainc Dhomhanda agus ar Chaighdeáin Chomhshaoil agus Shóisialta an Bhainc Dhomhanda. Cumhdaítear sa Mholadh príomhcheisteanna comhshaoil, ar nós astaíochtaí aeir, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa, éifeachtúlacht acmhainní, bainistiú dramhaíola, torann agus creathanna, bainistiú ábhar guaiseach, tionchair ar éiceachórais, cosaint bithéagsúlachta, agus úsáid shuntasach acmhainní nádúrtha. Áirítear leis freisin riachtanais maidir le hullmhacht agus freagairt i gcás éigeandála, ionas go bhfuil úinéirí na dtionscadal in ann freagairt do thionóiscí agus cásanna éigeandála ar bhealach a bheadh iomchuí chun tionchair chomhshaoil agus shóisialta a chosc agus a mhaolú.

Tá beartais díchill chuí agus nósanna imeachta um measúnú riosca atá ag GCOnna bunaithe go príomha ar an Moladh, fiú má tá ról neamheisiach aige agus má tá beartais bunaithe ar chaighdeáin eile agus ar acquis an Aontais. Na Ballstát uile a chuireann creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil ar fáil, tuairiscíonn siad go gcomhlíontar an ghné chomhshaoil a bhaineann leis an Mholadh agus gur cuid lárnach é dá gcórais díchill chuí agus dá gcórais bainistithe riosca agus dá bpróiseas cinnteoireachta. Braitheann na nósanna imeachta um measúnú ex ante ar chineál, ar mhéid agus ar chatagóir iarratais ar leith ar chreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil. Déantar rioscaí a shainaithint, a aicmiú agus a mheas, agus d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith acu ar incháilitheacht maidir le tacaíocht a fháil. Dhearbhaigh GCOnna uile an Aontais go ndearna siad scagadh ar gach iarratas ar chreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil agus é mar aidhm acu a shainaithint ar cheart athbhreithniú comhshaoil a dhéanamh.

De bhun an Mholta, tá sé de cheangal ar GCOnna na hiarratais sin a aicmiú, ag brath ar an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ann ar an gcomhshaol, de réir trí chatagóir riosca: ard (Catagóir A), meánach (Catagóir B) nó íseal (Catagóir C). Tuairiscíonn a lán Ballstát go gcuireann siad an Moladh i bhfeidhm ar bhealach níos leithne ná a raon feidhme. Áirítear leis sin aicmiú na n-idirbheart go léir, lena n-áirítear na hidirbhearta sin ina dtacaíonn siad le sciar a bhfuil luach aige faoi bhun SDR 10 milliún, rud nach ndéanfaí, i bprionsabal, a chuimsiú sa

chéim scagtha. Tuairiscíonn na Ballstáit go ndearnadh Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol agus ar an Tionchar Sóisialta (MTCS) i gcomhréir le hAirteagal 18 den Mholadh le haghaidh gach iarratais de Chatagóir A ar ina leith a thug GCO gealltanas deiridh. I gcás iarratais de Chatagóir B, tuairiscíonn na Ballstáit gur chuir iarratasóirí faisnéis leordhóthanach ar fáil i gcónaí maidir le tionchair ábhartha an tionscadail ar an gcomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 19 den Mholadh. Sula ndearna GCOnna cinneadh tacaíocht a sholáthar do thionscadail de Chatagóir A nó B, thuairiscigh na GCOnna sin uile a mhaoinigh tionscadail den sórt sin go ndearna siad meastóireacht i gcónaí ar an bhfaisnéis a d'eascair as scagadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar na hidirbhearta, trí thuarascáil díchill chuí a rinne comhlacht inmheánach neamhspleách nó comhairleoir seachtrach óna bhfuil tuairim dhearfach ina cheanglas eisiúna. Fuarthas faisnéis ábhartha trí thuarascálacha MTCS, ach bailíodh í freisin, a bhuí le foirmeacha iarratais agus ceistneoirí GCOnna, taighde deisce, cuairteanna ar an láthair, taighde a rinne comhairleoirí seachtracha agus teagmháil dhíreach leis na hiarratasóirí.

Níor thuairiscigh ach an tSualainn gur dhiúltaigh siad d'iarratas ar thionscadal mianadóireachta, mar gheall ar bhainistiú neamhleor rioscaí maidir le limistéir nádúrtha faoi chosaint agus cearta an duine. Thuairiscigh an tSualainn freisin gur dhiúltaigh sí do thionscadail eile toisc nach raibh siad comhoiriúnach le beartais maidir le breoslaí iontaise. Ina theannta sin, d'fhéadfadh mion-neamhchomhlíonadh tarlú, amhail spriocdhátaí caillte chun faisnéis nó tuarascálacha a chur isteach. Déantar cásanna neamh-chomhlíontachta a réiteach i gcomhar le hurraitheoirí an tionscadail agus, ó am go ham, le tacaíocht ó ambasáid an Bhallstáit, trí ghníomhaíochtaí ceartaitheacha agus bearta maolúcháin a dhearadh a ndéantar faireachán orthu le himeacht ama, nó trí thacaíocht a chur ar fionraí nó trí shlánú a dhiúltú, cé nár baineadh úsáid as an dá uirlis siúd le linn na tréimhse tuairiscithe.

(e) Dícheall cuí sóisialta agus dícheall cuí chearta an duine:

Sa bhreis ar an ngné chomhshaoil atá aige, ó bhí 2012 ann, tá prionsabail leagtha síos i Moladh ECFE maidir le Cur Chuige Coiteann maidir le dícheall cuí sóisialta a chur i bhfeidhm. Cumhdaíonn sé na príomhthionchair shóisialta a d'fhéadfadh a bheith ag baint le tionscadail, lena n-áirítear ar dhálaí saothair agus oibre (e.g. cóir chothrom, idirdhealú, saoirse comhlachais, cómhargáil, cóiríocht d'oibrithe), sláinte, sábháilteacht agus slándáil an phobail, (e.g. nochtadh pobail do ghalair, úsáid pearsanra slándála), sealbhú talún agus athlonnú neamhdheonach (e.g. díláithriú fisiceach, díláithriú eacnamaíoch), rannpháirtíocht leordhóthanach le pobail a ndéantar difear dóibh (e.g. comhairliúchán feasach agus próiseas rannpháirtíochta, sásra casaoide), pobail dhúchasacha (e.g. próiseas réamhthoilithe feasach saor), oidhreacht chultúrtha. Cumhdaíonn sé freisin na príomhthionchair ar chearta an duine a bhaineann le tionscadail, lena n-áirítear saothar éigeantais, saothar leanaí, saincheisteanna inscne agus staideanna sláinte agus sábháilteachta ceirde a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha. Tugtar aird ar leith ar ghrúpaí leochaileacha.

Tá na cleachtais díchill chuí atá tuairiscithe ag GCOnna cosúil leis na cleachtais le haghaidh rioscaí comhshaoil. Léiríonn an fiche Ballstát tuairiscithe uile a chuireann tacaíocht oifigiúil ar fáil go bhfuil gné shóisialta agus gné chearta an duine de Mholadh ECFE maidir le Cur Chuige Comhchoiteann á comhlíonadh acu, agus gur dlúthchuid dá gcórais chinnteoireachta, córais díchill chuí agus córais bainistithe riosca é. Dhearbhaigh siad ar fad go ndearna siad scagadh ar gach iarratas agus é mar aidhm acu a shainaithint ar cheart athbhreithniú sóisialta agus athbhreithniú um chearta an duine a dhéanamh. Thuairiscigh siad go ndearnadh Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol agus ar an Tionchar Sóisialta (MTCS) i gcás gach iarratais de Chatagóir A. I gcás iarratais de Chatagóir B, thuairiscigh siad gur chuir iarratasóirí faisnéis leordhóthanach ar fáil i gcónaí chun dul i ngleic le tionchair ábhartha an tionscadail. Sula ndéanfaidh siad cinneadh tacaíocht oifigiúil a chur ar fáil do thionscadail de Chatagóir A nó

de Chatagóir B a bhféadfadh drochthionchar sóisialta nó drochthionchar ar chearta an duine a bheith acu, tuairiscíonn na Ballstáit go ndearna a gcuid GCOnna meastóireacht i gcónaí ar an bhfaisnéis a d'eascair as an scagadh agus an athbhreithniú, mar a rinne le haghaidh rioscaí comhshaoil.

Níor thuairiscigh na Ballstáit cásanna buana neamhchomhlíonta in 2024 ina bpróisis díchill chuí shóisialta agus díchill chuí maidir le cearta an duine, cé is moite de thionscadal mianadóireachta na Sualainne a luadh cheana (ar diúltaíodh don tionscadal dá bharr). Thuairiscigh roinnt GCOnna go raibh orthu aghaidh a thabhairt ar chásanna inar imíodh ó ghníomhaíochtaí comhaontaithe agus ó chaighdeáin idirnáisiúnta le linn na céime faireacháin ar idirbhearta áirithe agus go raibh bearta curtha i bhfeidhm acu ar bhonn cás ar chás (amhail béim mhéadaithe ar na saincheisteanna sonracha agus spriocdhátaí do tháirgí insoláthartha a chur siar).

Tá próiseas comhairliúcháin rannpháirtíoch nó sásra casaoide le haghaidh pobail atá buailte ag gach GCO seachas dhá cheann. I ngach cás, iarrtar ar urraitheoirí tionscadail sásraí a chur i bhfeidhm beag beann ar rannpháirtíocht GCOnna. Níor thuairiscigh na Ballstáit aon ghearán don Choimisiún ina dTuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí le haghaidh 2024.

(f) Bearta frithbhreabaireachta:

Na Ballstát uile a sholáthraíonn creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil, tuairiscíonn siad comhlíontacht i gcomhréir le Moladh ECFE maidir le Breabaireacht agus Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear Leo go hOifigiúil. Sa mholadh sin tá bearta maidir le scagadh, le dícheall cuí a chur i gcrích, le meastóireacht agus cinneadh a dhéanamh maidir le tacaíocht d'fhonn breabaireacht a dhíspreagadh i gcás creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil. Go háirithe, ní mór a fhíorú nach bhfuil na páirtithe a bhfuil baint acu le hidirbhearta liostaithe i liostaí toirmeasc na nInstitiúidí Airgeadais Iltaobhacha.

(g) Cleachtais iasachtaithe inbhuanaithe:

Na Ballstát uile a sholáthraíonn creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil, tuairiscíonn siad comhlíontacht le Moladh ECFE maidir le Cleachtais Iasachtaithe Inbhuanaithe agus Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear Leo go hOifigiúil. Tá sé d'aidhm ag an Moladh a áirithiú go mbainfear leas as maoiniú na riachtanas forbartha atá ag tíortha ísealioncaim gan fiacha iomarcacha a mhéadú amach anseo sna tíortha sin. Comhlíonadh an Mholta sin, is rud é sin a théann go dlúth le beartais an Bhainc Dhomhanda agus an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) maidir le coinníollacha fiachais le haghaidh iasachtaí neamh-lamháltais, agus a mhéid a bhaineann le hiasachtú inbhuanaithe. Faoin Moladh, chomhaontaigh na daoine a thacaíonn leis bearta trédhearcachta tábhachtacha lena n-áirítear faisnéis a chur ar fáil don Bhanc Domhanda agus do CAI. I bhformhór na gcásanna, tá measúnuithe ar inbhuanaitheacht fiachais mar chuid de mheasúnuithe foriomlána ar riosca tíre a mbíonn tionchar acu ar bheartais faoi chumhdach tíortha GCOnna.

(h) Faisnéis eile atá sna Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí:

Tuairiscíonn na Ballstáit go n-áirithíonn siad go bhfeidhmeoidh GCOnna ar bhealach chomh trédhearcach agus is féidir agus rúndacht na faisnéise íogaire gnó á hurramú ag an am céanna. De bhun Mholadh ECFE maidir le Cur Chuige Coiteann, is éard atá sa nós imeachta comhchuibhithe ar fud an Aontais faisnéis mhionsonraithe a nochtadh go poiblí le haghaidh tionscadail a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar an gcomhshaol nó ar an tsochaí. Nocht GCOnna i gcónaí an fhaisnéis go léir a éilíodh de bhun Airteagal 39 agus Airteagal 41 den Mholadh, is é sin le rá faisnéis ábhartha *ex ante* maidir le tionscadail de Chatagóir A, lena n-áirítear MTCSanna, agus faisnéis *ex post* do gach tionscadal de Chatagóir A agus de

Chatagóir B a dtacaítear leis, trí leathanaigh thiomnaithe ar a suíomh gréasáin, dá dtagraítear in Iarscríbhinn 2.

Tá Beartas Freagrachta Sóisialta Corparáidí ag roinnt mhaith GCOnna de chuid an Aontais arb é atá i gceist leis ní hamháin iarrachtaí inmheánacha ach dlúth-idirphlé le cliaint CIE freisin. Sa chomhthéacs sin, tá meastóireacht mhéadaitheach á déanamh ag GCOnna ar a gcleachtais féin agus tá pleananna á bhforbairt acu chun a dtionchar féin ar an gcomhshaol a laghdú lena n-áirítear meastacháin ar lorg carbóin.

4. Comhlíontacht GCOnna le cuspóirí agus oibleagáidí an Aontais:

In Airteagal 3 de Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), liostaítear cuspóirí ginearálta an Aontais Eorpaigh; leagann Airteagal 21 amach prionsabail agus cuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. De réir Airteagal 3 mír 5 CAE, ina chaidreamh leis an domhan mór go 'rannchuideoidh [an tAontas] le [...] forbairt inbhuanaithe na Cruinne, leis an dlúthpháirtíocht agus leis an meas frithpháirteach idir na pobail, leis an tsaorthrádáil chóir, le deireadh a chur leis an mbochtaineacht, agus cearta an duine agus cearta an linbh go háirithe a chosaint, leis an dlí idirnáisiúnta a urramú go docht agus a fhorbairt, lena n-áirítear prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a urramú'. A mhéid a bhaineann le comhbheartas tráchtála an Aontais, déantar tagairt do phrionsabail agus do chuspóirí ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais in Airteagal 206 agus sa chéad mhír d'Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

D'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún ráiteas a dhéanamh maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na Ballstáit cuspóirí agus oibleagáidí an Aontais agus na creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil á gcur ar fáil acu. Rinne an Coimisiún a athbhreithniú bliantúil i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011. Dá bhrí sin, tá an t-athbhreithniú ón gCoimisiún bunaithe ar na Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí a chuir na Ballstáit isteach, agus ní féidir a mheas go bhfuil sé uileghabhálach.

Measann an Coimisiún go soláthraíonn an fhaisnéis atá ar fáil fianaise gur i gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 21 CAE atá gníomhaíochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil san Aontas. Soláthraíonn moltaí ECFE creat maidir le cláir creidmheasa onnmhairiúcháin na mBallstát a bhainistiú. Bunaíonn na Ballstáit a gcuid beartas féin bunaithe ar na moltaí sin agus i gcomhréir le cuspóirí an Aontais. Ina theannta sin tá na Ballstáit ag cur i bhfeidhm raon beartas chun tacú leis an aistriú aeráide agus tacaíocht do thionscadail breosla iontaise a laghdú agus tacaíocht do thionscadail lena dtacaítear leis an aistriú á méadú an tráth céanna. Tacaíonn an Coimisiún le tuilleadh dul chun cinn sa réimse sin, lena n-áirítear gealltanais na mBallstát maidir le céimniú amach breoslaí iontaise a neartú a thuilleadh. A mhéid a bhaineann le comhlíonadh oibleagáidí idirnáisiúnta agus oibleagáidí faoi dhlí iomaíochta Aontais, ní raibh aon díospóid ann ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir le gníomhaíochtaí creidmheasanna onnmhairiúcháin Ballstáit den Aontas le haghaidh 2024, agus níl aon ghearán faighte ag an gCoimisiún faoi sháruithe a d'fhéadfadh a bheith ar rialachán de chuid an Aontais a bhfuil baint acu le GCOnna.